Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Iúil 2018**
**(OR. en)**

**10801/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0125(COD)**

**CODEC 1229**
**POLMIL 100**
**COMPET 502**
**CFSP/PESC 664**
**CSDP/PSDC 392**
**COPS 252**
**EUMC 120**
**ECOFIN 702**
**IND 190**
**MI 516**
**RECH 328**
**EMPL 374**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 8 Meitheamh 2017, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 173 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 7 Nollaig 2017[2].

[1] 15589/17.
[2] IO C 129, 11.4.2018, lch. 51.

3. Ar an 3 Iúil 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[1].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 28/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in Aguisín 1 agus in Aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin;

- a chinneadh na ráitis atá in Aguisín 1, mar aon leis an ngníomh reachtach, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

- a chinneadh go bhfoilseofar na ráitis atá in Aguisín 2 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[1] 10338/18.